Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 26 Samhain 2021
(OR. en)

14189/21

**Comhad Idirinstitiúideach:
2018/0217(COD)**

CODEC 1512
AGRI 570
AGRIFIN 142
AGRISTR 79
AGRILEG 249
AGRIORG 134
EMPL 522
SOC 697
CADREFIN 454

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Coiste Speisialta um Thalmhaíocht /An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE faoi mhaoiniú, faoi bhainistiú agus faoi fhaireachán an chomhbheartais talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. An 1 Meitheamh 2018, chuir an Coimisiún an togra[1], atá bunaithe ar Airteagal 43(2) CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 17 Deireadh Fómhair 2018[2].

3. Thug an Chúirt Iniúchóirí a tuairim uaithi an 25 Deireadh Fómhair 2018[3].

4. Thug Coiste na Réigiún a thuairim uaidh an 5 Nollaig 2018[4].

[1] 9634/18.
[2] IO C 62, 15.2.2019, lch. 214.
[3] IO C 41, 1.2.2019, lch. 1.
[4] IO C 86, 7.3.2019, lch. 173.

5. Ar an 23 Samhain 2021, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus, dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis[5].

6. Iarrtar ar an gCoiste Speisialta um Thalmhaíocht, dá bhrí sin, a dhaingniú go n-aontaíonn sé leis sin agus iarrtar air an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle:

– an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 65/21[6] é, a fhormheas mar mhír "A" ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo;

– an ráiteas ón gComhairle, a leagtar amach in Aguisín 1 a ghabhann leis an nóta seo, a fhormheas;

– an ráiteas comhpháirteach ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún, a leagtar amach in Aguisín 2 a ghabhann leis an nóta seo, a fhormheas;

– a chinneadh go bhfoilseofar i sraith C de *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* na ráitis a leagtar amach in Aguisíní 1 agus 2 a ghabhann leis an nóta seo;

– a chinneadh go bhfoilseofar i sraith C de *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* na ráitis ón gCoimisiún agus an ráiteas comhpháirteach ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gCoimisiún a leagtar amach in Aguisín 4 a ghabhann leis an nóta seo;

– an ráiteas ó Pharlaimint na hEorpa, a leagtar amach in Aguisín 5 a ghabhann leis an nóta seo agus a fhoilseofar i sraith C de *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, a thabhairt dá haire.

7. Leagtar amach na ráitis le haghaidh na miontuairiscí ón gComhairle in Aguisíní 1, 2, 3 agus 4 a ghabhann leis an nóta seo.

---

[5] 14176/21.

[6] Ar fáil an 30.11.2021.

8. Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é.